02 Meán Fómhair 2022
Ciorclán: 0061/2022

Chuig: Coistí Bainistíochta, Úinéirí/Bainisteoirí, Ceannairí Réamhscoile, Oideoirí Luathbhlianta agus Baill Foirne Eile de Shuíomhanna Luathfhoghlama agus Luathchúraim

SOCRUITHE DO CHIGIREACHTAÍ SUÍOMHANNA LUATHFHOGHLAMA AGUS LUATHCHÚRAIM (LFC) MEÁN FÓMHAIR 2022 – MEITHEAMH 2023

Cuir an ciorclán seo faoi bhráid na mball foirne ábhartha agus na mball uile de choistí bainistíochta (más iomchuí)

ACHOIMRE

- Sa chiorclán seo, cuirtear eolas ar fáil faoi rannpháirtíochtaí cigireachta, taighde agus meastóireachta Chigireacht na Roinne Oideachais le suíomhanna luathfhoghlama agus luathchúraim (LFC) idir Meán Fómhair 2022 agus Meitheamh 2023.
- Tagann sé in áit Chiorclán 0044/2021.

Réamhrá

Tá an ciorclán seo deartha chun eolas a chur ar fáil do cheannairí, d'oideoirí luathbhlianta agus dóibh siúd a bhfuil baint acu le suíomhanna LFC a bhainistiú maidir leis na gníomhaíochtaí cigireachta atá beartaithe ag Cigireacht na Roinne Oideachais le bheith ina mbun sa bhliain acadúil 2022/23. Táimid ag súil le leanúint ar aghaidh le bheith páirteach go dearfach agus go tairbheach leis an mbainistíocht, leis na baill foirne agus leis na leanaí i suíomhanna LFC.

Obair chigireachta agus mheastóireachta Meán Fómhair 2022 – Meitheamh 2023

Ó 2020, tá Cigireacht na RO tar éis a bheith i mbun cláir taighde, forbartha agus comhairliúcháin chun athbhreithniú a dhéanamh ar a bhfuil sa Treoir don Chigireacht Oideachas Luathbhlianta (2018) ar mhaithe le tacú leis an meastóireacht ar an soláthar agus ar an gcleachtas uile i suíomhanna LFC ina bhfuil leanaí ó aois bhreithe go dtí sé bliana d'aois. Ag deireadh na hoibre seo, foilsíodh Treoir don Chigireacht Oideachas Luathbhlianta: Ó Bhreith go Sé Bliana i mí Mean Fomhair 2022 Anseo agus déanfar gach gníomhaíocht chigireachta a reáchtáil bunaithe ar an Treoir seo.

Léiríonn clár oibre na Cigireachta sa tréimhse Meán Fómhair 2022 – Meitheamh 2023 a tiomantas do thacaíocht a thabhairt do shuíomhanna agus do na torthaí is fearr agus is féidir a chinntiú do gach foghlaimeoir. San áireamh sa chlár oibre, beidh an méid seo a leanas:

Gníomhaíocht Chigireachta

Cuirfidh Cigireacht na Roinne Oideachais tús arís le gníomhaíocht mheastóireachta ó Dé Luain, an 12 Meán Fómhair 2022.

Tosófar arís le gnáthchlár Cigireachta Oideachais Luathbhlianta (COLB). Sa tréimhse go dtí deireadh mhí na Nollag 2022, díreoidh an clár cigireachta go príomha ar na suíomhanna ag seachadadh Chlár COLÓ d'oideachas réamhscoile saor in aisce. Reáchtálfar freisin líon beag Cigireachtaí Leantacha (CL). Déantar iad seo de ghnáth nuair a bhíonn tuairisc ar Chigireacht Oideachais Luathbhlianta foilsithe ag suíomh ar feadh bliana ar a laghad chun deis a thabhairt do dhul chun cinn a bheith déanta ar na moltaí cigireachta a rinneadh.

Tá an Chigireacht ag pleanáil freisin maidir le tús céimnithe cúramach a chur le cigireachtaí i suíomhanna LFC atá ag clárú leanaí ó aois bhreithe go sé bliana d'aois go luath in 2023. Cuirfear réamhfhógra ar fáil le haghaidh na gcigireachtaí seo i gcomhréir leis na sonraí a chuirtear ar fáil sa Treoir don COLÓ: Ó Bhreith go Sé Bliana. Anseo.

Mar thoradh ar an sainchúram breisithe, beidh ról cigireachta ag an gCigireacht maidir le cáilíocht an tsoláthair oideachasúil i suíomhanna ionadbhunaithe agus i scoileanna atá ag déanamh soláthair do leanaí agus do dhaoine óga 0 – 18 mbliana d'aois. Leis seo, tá an fhéidearthacht ann naisc dhearfacha a fhorbairt ar fud suíomhanna LFC, bunoideachais agus iar-bhunoideachais agus mar thoradh air sin, feabhas a chur ar na heispéiris aistrithe oideachasúla de leanaí nuabheirthe, leanaí agus daoine óga.

Tá sé beartaithe ag Cigireacht na RO cuir chuige sholúbtha a choinneáil maidir le cigireachtaí a reáchtáil atá forbartha mar thoradh ar phaindéim Covid-19. Mar shampla, d'fhéadaí cruinnithe réamhchigireachta agus iarchigireachta a reáchtáil ó chian.

Leanfar le hathbhreithniú a dhéanamh ar an gclár cigireachta i bhfianaise comhairle sláinte poiblí maidir le COVID-19.

Obair taighde agus forbartha Meán Fómhair 2022 – Meitheamh 2023

Faisnéis, treoir agus tacaíocht a sholáthar

Leanfaidh an Chigireacht ag baint leas as torthaí na hanailíse ar chigireachtaí oideachais i suíomhanna LFC chun topaicí breise a fhorbairt agus a fhoilsiú sa tsraith seimineár gréasáin, Léargais: Cáilíocht san Oideachas Luathbhlianta (https://www.gov.ie/ga/foilsiuchan/c71c0-leargas/). Go dtí seo, rinneadh seimineáir ghréasáin a fhorbairt chun breathnú ar réimse leathan topaicí mar seo a leanas:

- Aistrithe, Luath-Litearthacht, Measúnú don Fhoghlaim, Scileanna Fisiceacha a Fhorbairt, Féinmheastóireacht, Timpeallachtaí Éifeachtacha don Fhoghlaim Lasmuigh, Comhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsiú, Comhpháirtíocht le Tuismitheoirí, Teacht Aniar agus Uimhearthacht a Chur Chun Cinn.

Mar aon le torthaí cigireachta agus taighde a chur in iúl, cruthaíonn an obair seo deis eiseamláirí de chleachtas éifeachtach a bhailiú agus a roinnt i suíomhanna LFC agus scoile go náisiúnta. Cothaíonn sé comhthuiscint freisin maidir le soláthar agus cleachtas luathoideachais ar ardchaighdeán i measc ghrúpaí na bpáirtithe leasmhara go léir lena n-áirítear oideoirí luathbhlianta, ceannairí suíomhanna, bainisteoirí, tuismitheoirí agus foghlaimeoirí.

Más mian leat aiseolas/tuairimí a sholáthar ar na seimineáir ghréasáin Léargais, nó fógra a fháil nuair a bhíonn sraith nua á foilsiú nó do spéis a chur in iúl chun bheith rannpháirteach i bhfócasghrúpaí chun tacú le forbairt seimineár gréasáin amach anseo, téigh i dteagmháil linn le do thoil ag an seoladh ríomhphoist seo a leanas insights_info@education.gov.ie

Tuairiscí téamacha

Foilsíonn an Chigireacht go tréimhsiúil tuairiscí téamacha a bhreathnaíonn ar thopaicí oideachais thar réimse soláthair oideachais ó na luathbhlianta go dtí an iar-bhunscoil. In a measc go dtí seo, bhí oideachas na Foghlama Digití agus na hEolaíochta, na Teicneolaíochta, na hInnealtóireachta agus na Matamaitice (ETIM) - Here

Sa tréimhse ó Mheán Fómhair go Nollaig 2022, beidh fócas na hoibre seo ar réimsí ar nós an an tOideachas don Fhorbairt Inbhunaithe agus an Chruthaitheacht sa Teagasc agus san Fhoghlaim/Oideolaíocht. Foilseofar tuairisí faoin taighde seo in 2023.

Foilseacháin Chigireachta Uasdátaithe

I gcomhairliúchán leis na páirtithe leasmhara agus leis na comhpháirtithe, thug an Chigireacht líon doiciméad suas chun dáta a chuireann leis an gcigireacht agus a thacaíonn léi agus a chuireann in iúl tiomantais na Cigireachta maidir le conas a dhéanann sí a cuid oibre:

- *Treoir don Chigireacht Oideachas Luathbhlianta: Ó Bhreith go Sé Bliana* a chuireann léargas ginearálta ar fáil de na gníomhaíochtaí cigireachta a dhéantar de ghnáth le linn cigireachtaí i suíomhanna LFC. Tá an leagan leasaithe ar fáil anseo ar www.gov.ie
- Sa *Chód Cleachtais do Chigireacht na Roinne Oideachais* uasdátaithe (2022), leagtar amach na prionsabail agus na caighdeáin ghinearálta lena ndéanann an Chigireacht a cuid oibre. . Tá an leagan leasaithe ar fáil anseo ar www.gov.ie
- Sa *Nós Imeachta don Athbhreithniú ar Chigireachtaí a rinne Cigireacht na Roinne Oideachais faoi Alt 13(9) den Acht Oideachais 1998,* leagtar amach na céimeanna is féidir le baill foirne nó an bhainistíocht a ghlacadh i suíomh LFC, scoil nó áis oideachais agus oiliúna eile le hathbhreithniú a dhéanamh ar chigireacht. Tá an leagan leasaithe ar fáil anseo ar www.gov.ie .

Tacaíochtaí chun rannpháirtíocht na leanaí, na ndaoine óga agus na dtuismitheoirí/gcaomhnóirí i gcigireachtaí a chur chun cinn

Tá sraith nua acmhainní faoi chigireacht, atá deartha do leanaí, do dhaoine óga agus do thuismitheoirí/chaomhnóirí ar fáil anseo ar www.gov.ie . I measc na n-acmhainní, tá físeáin bheoite, r-bhileoga agus r-leabhrán a thacóidh le rannpháirtíocht leanaí, daoine óga agus tuismitheoirí/caomhnóirí sa phróiseas cigireachta.

Harold Hislop
Príomhchigire
oci@education.gov.ie

Meán Fómhair 2022